

## Na Tuairisceoirí Sainmhínithe

### An leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

- Úsáidtear **Atá thar barr** ar fad le cur síos a dhéanamh ar phíosa oibre ina léirítear gach ceann de na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá dó bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an bpíosa oibre, agus níl siad sin ach ina mionlochtanna. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.
- Úsáidtear **Atá os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar phíosa oibre ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar cén chaoi gach réimse gníomhaíochta den iniúchadh a chomhlánú, agus moltar an píosa oibre as a bheith idir chríochnúil agus chruinn. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den phíosa oibre nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach, tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.
- Úsáidtear **Atá ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar phíosa oibre ina léirítear an chuid is mó de na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an té ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn a bheag nó a mhór
- Úsáidtear **Nár chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar phíosa oibre nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an taiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.